Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16124/24**

**JEUN 281**
**SOC 863**
**EMPL 588**
**AGRI 829**
**SUSTDEV 127**
**EDUC 441**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le deiseanna domhanda a thabhairt do dhaoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 25-26 Samhain 2024.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le deiseanna domhanda a thabhairt do dhaoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS:

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU:

1. Tá ról ríthábhachtach ag pobail tuaithe maidir le fís an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus is cuid lárnach d'fhéiniúlacht an Aontais iad. Mar a luaitear i bhfís fhadtéarmach an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais[1], 'is iad na ceantair thuaithe creatlach ár sochaí agus cuisle ár ngeilleagair' [aistriúchán neamhoifigiúil] agus, dá bhrí sin, ní mór aird níos mó a thabhairt orthu . Tá an éagsúlacht tírdhreacha, cultúir agus oidhreachta ar cheann de na gnéithe is sainiúla agus is suntasaí de cheantair thuaithe agus iargúlta na hEorpa. Is iomaí buntáiste a bhaineann le maireachtáil sna ceantair sin, lena n-áirítear cáilíocht saoil níos fearr, taitneamh a bhaint as an dúlra agus as an mbithéagsúlacht, laghdú truaillithe, costais mhaireachtála a d'fhéadfadh a bheith níos ísle, timpeallacht níos sábháilte[2] agus pobail níos láidre.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040, COM/2021/345 final.

[2] Staidreamh ar líne Eurostat: An Eoraip uirbeach-tuaithe – cáilíocht saoil i gceantair thuaithe 2022.

2. Faoi 2040, is mian leis an Aontas Eorpach go mbeidh na pobail tuaithe níos láidre, níos idirnasctha, níos athléimní agus níos rathúla[3]. In ainneoin na n-iarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair, tá éagothromaíochtaí suntasacha ann idir na ceantair thuaithe agus uirbeacha, cé go bhfuil cónaí ar 137 milliún duine, tuairim is aon trian de dhaonra an Aontais, i gceantair thuaithe[4]. Cé go bhfuil pobail tuaithe ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe agus don chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, is minic a bhíonn siad thíos leis an mbánú freisin, go háirithe i dtaobh daoine óga. Dá dheasca sin, is mór an sciar den daonra atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta an Aontais a bhfuil deacrachtaí socheacnamaíocha acu.

3. D'fhéadfadh sé gur lú na buntáistí a bhaineann le maireachtáil i gceantair thuaithe agus iargúlta ná na deacrachtaí, lena n-áirítear, i measc deacrachtaí eile, níos lú deiseanna fostaíochta, bonneagar níos laige (i dtaobh fuinnimh, iompair, gluaiseachta agus faisnéise), rochtain agus teacht níos lú ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta ar gach leibhéal, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, ar sheirbhísí sóisialta, ar chúram sláinte nó ar ghníomhaíochtaí spóirt, cultúir agus fóillíochta. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé go roghnódh go leor daoine, go háirithe daoine óga, ceantair thuaite agus iargúlta a fhágáil chun deiseanna níos fearr a fháil. D'fhéadfadh athruithe suntasacha teacht ar na struchtúir dhéimeagrafacha i limistéir gheografacha áirithe i ngeall air sin[5].

4. Cé go mbíonn deiseanna daoine óga ag brath go príomha ar a gcúinsí áitiúla, tá méadú ag teacht ar an tionchar a imríonn treochtaí domhanda ar a saol, cuir i gcás an t-athrú aeráide, digitiú, saincheisteanna meabhairshláinte, deiseanna fostaíochta agus oideachais, neamhionannas eacnamaíoch agus cineálacha eile neamhionannais. I gcás aos óg na tuaithe, cuireann deiseanna logdhomhanda[6] ar a gcumas an bhearna idir a dtimpeallachtaí láithreacha agus an mórchomhthéacs domhanda a dhúnadh trí straitéisí agus réitigh a chur in oiriúint dá riachtanais agus dá ndálaí áitiúla[7].

---

[3] *Conclusions on a Long-Term Vision for the EU´s Rural Areas (LTVRA)*, [Conclúidí maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais], 15631/23.

[4] 'Cuimsíonn na ceantair thuaithe 341 mhilliún heicteár (m ha), is é sin 83 % de limistéar talún iomlán an Aontais. Tá níos mó ná leath den limistéar talún tuaithe seo iargúlta, rud a chiallaíonn go bhfuil sé suite i bhfad ó chathracha. Cuimsíonn cathracha, bailte agus bruachbhailte 17 % de limistéar talún an Aontais san iomlán (70.3 m ha)' [aistriúchán neamhoifigiúil]. Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais. Doiciméad inmheánach oibre (cuid 1).

[5] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh: Bliainiris Réigiúnach Eurostat – Eagrán 2023 (Bliainiris Réigiúnach Eurostat – 2023), 2023.

[6] Déantar an téarma 'logdhomhanda' a shainmhíniú a thuilleadh in Iarscríbhinn I.

[7] Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

5. Ní haon choincheap, timpeallacht ná imthoisc aonfhoirmeach í an tuath[8]. Bíonn cónaí ar phobail éagsúla bhríomhara daoine óga a bhfuil riachtanais agus dúshláin éagsúla acu i gceantair thuaithe agus iargúlta. De bharr na héagsúlachta sin, tá gá le freagraí agus réitigh atá saincheaptha do riachtanais réigiúnacha agus áitiúla agus a chuireann riachtanais agus acmhainní uathúla gach ceantair san áireamh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh, ós rud é gur minic a mhéadaíonn a n-iargúltacht agus a scoiteacht an bhearna idir na ceantair uirbeacha agus thuaithe. Is den ríthábhacht freisin a ráthú go gcaithfear go cothrom le daoine óga agus go ndéanfar iad a rannpháirtiú go hiomlán i dtimpeallachtaí tuaithe agus uirbeacha agus go dtuigfear na difríochtaí agus go laghdófar an bhearna idir na ceantair thuaithe agus uirbeacha i gcás inarb ann di, lena n-áirítear trí na naisc idir na ceantair thuaithe agus uirbeacha a neartú ar fud na mBallstát uile.

6. Cé go ndírítear ar dhaoine óga ar bhealach ilchineálach fadréimseach san Aontas Eorpach, tá tuairim ann nach gcuireann formhór na mbeartas béim leormhaith ar ghnéithe tuaithe agus go bhféadfadh sé nach bhfreastalaíonn na beartais tuaithe ar riachtanais agus cúinsí sonracha daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, iargúlta, fhorimeallacha agus bheagfhorbartha agus sna réigiúin is forimeallaí[9] [10].

---

8 *Commission staff working document executive summary of the evaluation of the impact of the Common Agricultural Policy on territorial development of rural areas* [Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: achoimre feidhmiúcháin ar an meastóireacht ar thionchar an Chomhbheartais Talmhaíochta ar fhorbairt chríochach na gceantar tuaithe] {SWD(2021) 398 final}.

9 An Chomhpháirtíocht Óige idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa: *Young people in rural areas: diverse, ignored and unfulfilled* [Daoine óga i gceantair thuaithe: a n-éagsúlacht, an neamhaird a thugtar orthu agus a n-acmhainn neamh-chomhlíonta].

10 Aithnítear in Airteagail 174 agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh stádas sonrach na limistéar tuaithe, na réigiún is forimeallaí, na limistéar a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus na réigiún a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach. Sa doiciméad seo, i gcás ina ndéantar tagairt do cheantair thuaithe agus iargúlta, cuirtear san áireamh freisin ceantair fhorimeallacha bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí.

7. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[11], ar creat í le haghaidh comhar Eorpach maidir le beartais óige, agus leis na Spriocanna Eorpacha don Óige[12], dírítear ar réimsí bunúsacha a bhaineann le rannpháirtíocht, gníomhaíocht agus rannchuidiú fóinteach daoine óga sa tsochaí. Díríonn Sprioc #3 don Óige ar shochaithe cuimsitheacha agus ar thimpeallachtaí inrochtana oscailte a chruthú do gach duine óg, agus díríonn Sprioc #6 don Óige ar cheantair thuaithe a chruthú inar féidir le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach[13].

8. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le deiseanna a mhéadú do dhaoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta[14], leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé deiseanna áitiúla a bheith ann agus cuir chuige trasearnála a chur chun cinn agus iarradh ar Bhallstáit an Aontais saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga ina n-éagsúlacht uile a spreagadh agus a éascú i gceantair thuaithe agus iargúlta maidir le gach próiseas cinnteoireachta ábhartha, go háirithe maidir le saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu.

9. D'fhéadfadh na dúshláin a bhaineann le cuimsiú sóisialta i gceantair thuaithe agus iargúlta a bheith nasctha freisin le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht talún, bonneagair, teicneolaíochtaí digiteacha, faisnéise, seirbhísí ardcháilíochta sóisialta agus cúraim sláinte, deiseanna oideachais agus fostaíochta agus deiseanna oibre don aos óg, chomh maith leis an leibhéal rannpháirtíochta sna próisis chinnteoireachta ábhartha uile. Is den ríthábhacht rochtain chomhionann ar dheiseanna a áirithiú do chách, gan aon chineál idirdhealaithe.

---

**11** Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don Chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027, (2018/C 456/01).

**12** Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don Chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027, (2018/C 456/01).

**13** Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé Óige an Aontais – Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189, 5.6.2019.

**14** *Conclusions of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on raising opportunities for young people in rural and remote areas* [Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le Deiseanna a Mhéadú do Dhaoine Óga i gCeantair Thuaithe agus Iargúlta], IO C 193, 9.6.2020.

10. I gcúig straitéis Aontas an Chomhionannais, a ghlac an Coimisiún in 2020 agus 2021[15], agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte[16], leagtar béim ar a thábhachtaí atá cur chuige trasnach. Tarraingítear aird sna doiciméid sin ar an bhféidearthacht go mbainfeadh daoine aonair le grúpa amháin nó níos mó atá i staid leochaileach ag an am céanna agus léiríonn siad gur gá cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe a chomhrac. D'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag an méid sin ar dhaoine óga, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, nach grúpa aonchineálach iad agus a bhfuil 'iliomad féiniúlachtaí, riachtanais éagsúla, acmhainní, cúlraí, dálaí saoil agus spéiseanna acu, agus [a mbíonn] dúshláin agus deiseanna éagsúla os a gcomhair[17].'

11. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte agus sna conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach i leith meabhairshláinte daoine[18] óga san Aontas Eorpach, sainaithnítear an gá atá le bearta sonracha a bhaineann le cosc, cur chun cinn agus tacaíocht i ndáil le meabhairshláinte daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta[19].

---

[15] Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030; Straitéis um Chomhionannais LGBTIQ 2020-2025; Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025; Plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025; Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte (Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte) COM(2023) 298 final.

[17] Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le sochaithe cuimsitheacha do dhaoine óga, IO C, C/2024/3808, 27.6.2024.

[18] Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le cur chuige cuimsitheach i ndáil le meabhairshláinte daoine óga san Aontas Eorpach. IO C, C/2023/1337, 30.11.2023.

[19] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte COM(2023) 298 final.

12. Sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte[20] aithnítear 'go mbaineann fadhbanna meabhairshláinte le go leor cineálacha neamhionannais, mar shampla, i gcás daoine i staideanna leochaileacha, mionlaigh, grúpaí imeallaithe agus daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí in áitreabh de chuid seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, iad siúd atá uaigneach agus atá scoite go sóisialta, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, mná, daoine LGBTI[21], othair ailse, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, príosúnaigh agus daoine atá gan dídean'.

13. Tá mná agus cailíní ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe agus iargúlta, agus tugann siad breisluach do phobail áitiúla. Is minic gurb iadsan a spreagann an nuálaíocht, an t-éagsúlú agus forbairt deiseanna nua[22]. Mar sin féin, is minic nach dtugtar aird ar na róil seo nó go mbíonn siad dofheicthe. Is iomaí bean agus cailín i gceantair thuaithe agus iargúlta a mbíonn deacrachtaí acu maidir le fostaíocht, fiontraíocht, deiseanna oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, comhroinnt mhíchothrom freagrachtaí cúraim, rochtain ar thalamh, oideachas agus cúram na luath-óige, cúram fadtéarmach agus seirbhísí cúraim sláinte, chomh maith le hionadaíocht neamhleor sna próisis chinnteoireachta.[23][24]

---

[20] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte, 15971/23, mír 24.

[21] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Straitéis um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020) 698 final).

[22] An Banc Eorpach Infheistíochta, *Support for female entrepreneurs: Survey evidence for why it makes sense* [Tacaíocht d'fhiontraithe ban: Fianaise shuirbhé ar an bhfáth a bhfuil ciall léi], Samhain 2022, ISBN: 978-92-861-5378-5. Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

[23]

[24] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, an Naoú Tuarascáil maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú), Márta 2024.

14. Aithníonn an tAontas go bhfuil na roghanna saoil a dhéanann daoine aonair agus teaghlaigh ar cheann de na tosca a mbíonn tionchar acu ar an athrú déimeagrafach agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá beartais phoiblí thacúla chun cur ar chumas daoine óga barr a gcumais a bhaint amach. Sa Teachtaireacht dar teideal 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta'[25], leagtar béim ar leith ar a ríthábhachtaí atá sé tacú le glúnta óga rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta, ar thithíocht inacmhainne agus ar chaighdeáin chuibhiúla mhaireachtála.

15. D'fhéadfadh sé go mbeadh réigiúin tuaithe agus bheagfhorbartha go háirithe thíos le daonra atá ag dul in aois, gnóthachtáil íseal oideachais, crapadh lucht saothair, imirce daoine óga agus an baol a bhaineann le 'sáinn na forbartha tallainne'[26], rud a bhaineann an bonn óna gcumas geilleagair inbhuanaithe a thógáil agus a chuireann bac ar a n-iomaíochas agus ar a bhfás. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis 'an Tallann san Eoraip a chur chun tairbhe', leagtar amach a ríthábhachtaí atá sé na réigiúin sin a chlaochlú ina ngeilleagair bhríomhara atá bunaithe ar thallann, lena gcuirtear le láidreachtaí áitiúla na réigiún tuaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le tacaíocht shaincheaptha chun an óige a chumhachtú, rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhostaíocht a fheabhsú, rochtain ar shaoráidí nuálaíochta agus oiliúna a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh i gcruthú deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Chun éagothromaíochtaí críochacha a laghdú agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú ar fud an Aontais, is den ríthábhacht a áirithiú go mbeidh deis ag daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear daoine óga, rath a bheith orthu.[27] [28]

---

[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta (Bosca Uirlisí Déimeagrafaíochta an Choimisiúin), COM/2023/577 final.

[26] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Tallann san Eoraip a chur chun tairbhe (Teachtaireacht maidir leis an Tallann san Eoraip a chur chun tairbhe), COM/2023/32 final, 2023.

[27] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, an Naoú Tuarascáil maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú), Márta 2024.

[28] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh: Bliainiris réigiúnach Eurostat – Eagrán 2023.

16. Tá ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe agus, i gcomhthéacs tuaithe, ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do na réigiúin agus iad ag iarraidh machnamh níos fearr a dhéanamh ar dhúshláin forbartha iomadúla, ar riachtanais athchóirithe agus ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha agus críochacha éagsúla trí thacaíocht spriocdhírithe a dhíriú ar riachtanais shonracha gach réigiúin. Agus aird á tabhairt ar thionchar neamhshiméadrach na ndúshlán a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, leis an gclaochlú déimeagrafach, le treochtaí eacnamaíocha domhanda atá ag athrú nó leis an athrú aeráide, d'fhéadfadh mapáil bonneagair, caipitil dhaonna agus riachtanas seirbhíse clársceidealú níos éifeachtúla chistí an Aontais a éascú sna réigiúin is forimeallaí, sna réigiúin inar tearc an daonra, sna hoileáin, sna réigiúin shléibhtiúla, agus sna réigiúin teorann, agus sna ceantair thuaithe. Féadfaidh sé sin rannchuidiú le deiseanna fostaíochta a éagsúlú agus oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil a fheabhsú, lena n-áirítear trí thacaíocht don digiteáil, trí réigiúin tuaithe agus iargúlta a dhéanamh níos tarraingtí mar áiteanna cónaithe agus oibre, agus ar an gcaoi sin a bhforbairt inbhuanaithe a áirithiú[29].

---

29 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú (Teachtaireacht maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú) COM (2024) 149 final agus an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú.

17. Leagtar béim sa Phlean Gníomhaíochta Domhanda (2019-2028), *Decade of Family Farming* [30], de chuid na Náisiún Aontaithe go bhfuil sé ríthábhachtach, chun inbhuanaitheacht na feirmeoireachta teaghlaigh ó ghlúin go glúin a áirithiú, an óige a chumhachtú, go háirithe mná óga, trí rochtain ar thalamh, acmhainní nádúrtha, faisnéis, oideachas, bonneagar, seirbhísí airgeadais, margaí agus rannpháirtíocht i bpróisis ceaptha beartas a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht a éascú. Trí aistriú ó ghlúin go glúin a éascú, féadfaidh feirmeoirí óga eolas traidisiúnta áitiúil a chumasc le cleachtais nuálacha chun a ról ríthábhachtach i bhforbairt tuaithe chuimsitheach a chur chun cinn. Is baol d'inmharthanacht na gceantar tuaithe i ngeall ar an treocht dhiúltach go bhfuil pobal na bhfeirmeoirí ag dul in aois, agus dá bhrí sin is den tábhacht é san athnuachan ó ghlúin go glúin na cineálacha tacaíochta d'fheirmeoirí óga agus d'fhiontraithe óga a neartú, ina gcabhraítear leo tús a chur le gníomhaíochtaí talmhaíochta, spreagadh a thabhairt d'aistriú feirmeacha agus an talmhaíocht a dhéanamh níos tarraingtí don ghlúin óg in éineacht leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT).

18. I Moladh ECFE, *Recommendation on Creating Better Opportunities for Young People*, iarrtar go mbeidh bearta spriocdhírithe ann chun tacú le daoine óga atá i gcúinsí leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste. Áirítear leis sin seirbhísí comhtháite sóisialta, sláinte, tithíochta agus fostaíochta a chur ar fáil atá curtha in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla. Leagtar béim sa mholadh ar a thábhachtaí atá infheistíochtaí san oideachas, sa tithíocht agus sa tsláinte d'óige na tuaithe, mar aon le comhar i measc na bpáirtithe leasmhara, chun timpeallachtaí a chruthú a thacóidh lena rath.[31]

[30] FAO agus IFAD. 2019. United Nations Decade of Family Farming 2019-2028. Plean Gníomhaíochta Domhanda. An Róimh.

[31] ECFE, *Recommendationof the Council on creating better opportunities for young people*, Cruinniú den Chomhairle ar leibhéal na n-airí, an 9-10 Meitheamh 2022, JT03497457.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

19. San Eoraip, is bac mór ar dhea-bhail agus forbairt shocheacnamaíoch óige na tuaithe é cumas neamhleor na réigiún tuaithe daoine oilte a mhealladh[32] nó rochtain a fháil ar bhonneagar agus ar sheirbhísí ardcháilíochta a bhaineann leis an saol laethúil. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur le nascacht óige na tuaithe agus leis an rochtain atá acu ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán, fostaíocht, cúram sláinte, tithíocht, seirbhísí sóisialta, obair óige, cultúr, spórt agus gníomhaíochtaí fóillíochta, rud a chuirfeadh bac ar a ndeiseanna socheacnamaíocha agus, dá bhrí sin, ar a saoirse fanachta[33].

20. Tá bacainní ar dheiseanna foghlama roimh cuid mhaith daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta. Tá easpa feasachta ann faoi na deiseanna a bhaineann le seirbhísí agus ardáin dhigiteacha, rud is cúis le leibhéal níos airde leithlisithe agus d'fhéadfadh bearna dhigiteach a bheith ann idir ceantair thuaithe agus uirbeacha. D'fhéadfadh rochtain dhigiteach, scileanna a bhaineann le poist agus scileanna digiteacha a bheith ina spreagadh do chumhachtú agus cuimsiú ar an leibhéal áitiúil[34].,[35] I gcás daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna), d'fhéadfadh na bacainní sin a bheith thar a bheith díobhálach, ós rud é go gcuireann nascacht dhigiteach theoranta srian breise ar a gcumas oideachas, fostaíocht agus deiseanna oiliúna a lorg, rud a chuireann lena leithlisiú sóisialta agus eacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach chun caidreamh a athbhunú le daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus chun na scileanna is gá a thabhairt dóibh chun páirt a ghlacadh sa lucht saothair nua-aimseartha. Leagtar béim sa Ráthaíocht threisithe don Aos Óg[36] ar a thábhachtaí atá sé tacú le daoine óga, go háirithe daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, agus le himeascadh i margadh an tsaothair go háitiúil, i gceantair thuaithe agus iargúlta freisin trína chinntiú go bhfuil na deiseanna is gá ann ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus, ar an gcaoi sin, é a dhéanamh níos éasca dóibh fanacht sna ceantair sin.

---

32 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa (Teachtaireacht maidir le leas a bhaint as an tallann), COM/2023/32 final, 2023.

33 Letta, E. (2024), *Much more than a market, Speed, Security, Solidarity, Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens*, Aibreán 2024.

34 Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais.

35 Teachtaireacht maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú agus an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú.

36 Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 *A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [An Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01.

21. I roinnt mhaith ceantair thuaithe agus iargúlta san Eoraip, tá éagothromaíochtaí roimh dhaoine óga, go háirithe mná agus daoine óga atá faoi mhíchumas, maidir le rochtain ar oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil agus ar dheiseanna foghlama neamhfhoirmiúla le hais ceantair uirbeacha, chomh maith le bacainní suntasacha ar a bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil. Cuireann infhaighteacht agus rochtain theoranta ar chláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán leis an nganntanas scileanna. D'fhéadfadh imirce daoine oilte agus méadú ar rátaí dífhostaíochta eascairt as an méid sin i measc óige na tuaithe a bhíonn ag streachailt le poist a aimsiú atá ábhartha dá gcáilíochtaí ina gceantar féin.

22. Tá rochtain ar fhaisnéis áitiúil chuimsitheach faoi chláir áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus cláir an Aontais agus faoi dheiseanna cistiúcháin ríthábhachtach d'fhorbairt agus do chumhachtú óige na tuaithe. D'fhéadfadh bacainní teanga ingearacha agus cothrománacha bac a chur ar a gcumas na doiciméid sin a thuiscint agus a nascleanúint go héifeachtach, rud a chuirfeadh teorainn le rochtain óige na tuaithe ar thionscnaimh an Aontais[37][38]. Féadfar tacú le scaipeadh éifeachtach faisnéise trí chomhar idirearnálach, rud a chuideoidh leis na bacainní sin a shárú agus a chothóidh fothú acmhainneachta agus líonraí áitiúla. Tá sé sin ríthábhachtach chun rannpháirtíocht chothrom a áirithiú agus chun lántairbhe a bhaint as cláir an Aontais mar shampla Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus LEADER, agus as deiseanna cistiúcháin d'óige na tuaithe ar fud na hEorpa ar gach leibhéal.

23. D'fhéadfadh tosca geografacha bac a chur ar rochtain daoine óga ar fhostaíocht, ar thithíocht inacmhainne agus ar nascacht níos fearr, rud is cúis le héiginnteacht, spleáchas méadaithe ar acmhainní airgeadais agus dreasacht don tsoghluaisteacht agus don uirbiú go háitiúil.

---

[37] Moxon D., Bárta O. (2024). *EUYD10 Results of the Consultation Phase: We Need Youth.* [EUYD10 Torthaí na Céime Comhairliúcháin; Is gá dúinn an Óige DOI: 10.5281/zenodo.10656746.

[38] Luaitear Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an Tuath sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A long-term Vision for the EU's Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040], COM (2021) 345 final.

24. D'fhéadfadh dúshláin a bheith roimh phobail óige na tuaithe, mar shampla gnóthachtáil níos ísle oideachais, dífhostaíocht, nó easpa dálaí oibre cuibhiúla. Ina theannta sin, d'fhéadfadh deacrachtaí i dtaobh pobail a chruthú, dul isteach iontu nó pobail a chaomhnú teacht as rochtain neamhleor ar obair don óige, ar eagraíochtaí don óige, ar spásanna pobail agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, spóirt agus fóillíochta ar ardchaighdeán. D'fhéadfadh na tosca sin deiseanna le haghaidh idirghníomhaíochtaí sóisialta a laghdú, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith aige ar an dea-bhail, ar mhothúcháin an leithlisithe, ar an uaigneas agus d'fhéadfadh córais tacaíochta laga eascairt as an méid sin.

25. D'fhéadfadh sé go mbeadh baol ann nár leor na seirbhísí tacaíochta a bheadh curtha ar fáil do dhaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, réimse na meabhairshláinte san áireamh[39]. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag fadhbanna meabhairshláinte ar a n-oideachas, ar a bhfostaíocht agus ar a slándáil shóisialta. Áirítear orthu sin braistint eisiaimh, as a n-eascraíonn braistintí diúltacha leithlisithe; bulaíocht agus ciapadh ar líne agus as líne ag piaraí; úsáid iomarcach na meán, an eagla go gcaillfí amach ar rud éigin agus nochtadh méadaithe don andúil. Ag an am céanna, níl rochtain ag na daoine óga sin ar struchtúir a d'fhéadfadh cabhrú leo na bagairtí sin a sheachaint agus teacht chucu féin, rud a fhágann go mbíonn imní agus dúlagar ann agus go bhfágtar go leor fadhbanna meabhairshláinte gan chóireáil.

26. Is le raon leathan tosca a chinntear fad saoil sláintiúil, lena n-áirítear cur chun cinn na sláinte agus cosc galar, rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte, dálaí maireachtála agus oibre, cineálacha slí beatha agus an timpeallacht máguaird. Cé go mbaineann tairbhí sláinte le ceantair thuaithe, mar shampla cáilíocht aeir níos fearr agus gaireacht don dúlra, is gnách go mbíonn líon agus éagsúlacht níos mó saoráidí cúraim sláinte i réigiúin uirbeacha[40]. Tá baint ag easpa seirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán le deacrachtaí maidir le fadhbanna sláinte a chosc agus a chóireáil. Cé go gcuireann an talmhaíocht go leor deiseanna fostaíochta ar fáil i roinnt mhaith ceantair thuaithe, mar sin féin féadfaidh gairmeacha, mar shampla an fheirmeoireacht, tionchar contúirteach nó díobhálach a bheith acu ar an tsláinte coirp[41]. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht coigilte saothair agus i dteicneolaíocht feabhsaithe saothair.

---

39 Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte COM(2023) 298 final.

40 Bliainiris réigiúnach Eurostat 2023.

41 Líonra CBT an Aontais: *Supporting the health and well-being of Europe's agricultural workforce, Policy Insight* [Tacú le sláinte agus dea-bhail lucht saothair talmhaíochta na hEorpa], Meitheamh 2023.

27. D’fhéadfadh bacainní suntasacha a bheith roimh dhaoine óga faoi mhíchumas atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta a mbíonn tionchar acu ar a gcáilíocht saoil agus ar na deiseanna a bhíonn acu, mar shampla rochtain theoranta ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach ar ardchaighdeán, cúram sláinte speisialaithe, chomh maith le hiompar agus nascacht neamhleor. Léiríonn na dúshláin sin an gá atá le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh[42,43].

28. Cé go bhfuil acmhainneacht shuntasach nuálaíochta agus forbartha eacnamaíche ag óige na tuaithe, lena n-áirítear mná, d’fhéadfadh bacainní a bheith rompu maidir le rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais agus maidir le nósanna imeachta cistiúcháin casta agus maorlathacha. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sásraí cistiúcháin inrochtana agus soiléire, mar aon le hinfheistíochtaí spriocdhírithe chun tacú leis an bhfiontraíocht, lena n-áirítear an fheirmeoireacht, a bheith ríthábhachtach i measc óige na tuaithe.[44] [45] [46]

29. Tá seans maith ann go mbeidh dúshláin uathúla inbhuanaitheachta roimh dhaoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta, dúshláin atá níos measa mar gheall ar an ngéarchéim aeráide atá ag dul in olcas, rud a mbíonn tionchar suntasach aige ar a saol laethúil. I gcomparáid leis na cónaitheoirí uirbeacha, is minic a bhíonn siad níos leochailí i leith saincheisteanna comhshaoil nó saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid. Tá rochtain níos fearr ar acmhainní agus réitigh inbhuanaithe de dhíth orthu, rud a mhéadaíonn a leochaileacht i leith bagairtí comhshaoil a thuilleadh. Mar a thugtar chun suntais i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe[47], ní hamháin go mbaineann an easpa rochtana sin an bonn de chumas daoine óga aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna práinneacha inbhuanaitheachta ach cuireann sé bac freisin ar a rannchuidiú leis an ngéarchéim aeráide a mhaolú. Ina theannta sin, chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ina dtimpeallacht agus chun iad a shárú, teastaíonn rochtain ar oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil ar ardchaighdeán ionas gur féidir na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt.

---

42 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025, Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030 (EU Disability Strategy)* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 (Straitéis an Aontais maidir le Míchumas] COM(2021)101 final.

43 Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

44 Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

45 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Interreg na hEorpa, Achoimre bheartais maidir le: *How to boost entrepreneurship in rural areas?*[Conas borradh a chur faoin bhfiontraíocht i gceantair thuaithe?] Aibreán 2020.

46 An Coimisiún Eorpach: *Taking stock of how CAP Strategic Plans contribute to the objectives of the long-term vision for the EU’s rural areas*, [Breithniú ar an gcaoi a rannchuidíonn Pleananna Straitéiseacha CBT le cuspóirí na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe an Aontais], Meitheamh 2023.

47 Na Náisiúin Aontaithe: A/RES/70/1, Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development.

30. Tá forbairt leanúnach trí rannpháirtíocht an phobail áitiúil ríthábhachtach don fhorbairt tuaithe, dá bhrí sin tá gá le bonn láidir le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i gceantair thuaithe agus iargúlta. Ba cheart óige na tuaithe a aithint mar phríomhpháirtithe leasmhara san fhorbairt tuaithe agus ba cheart beartais a cheapadh chun freastal ar a riachtanais agus ar a mianta trína áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go leanúnach i bpróisis chinnteoireachta ar gach leibhéal agus go mbeidh tionchar acu orthu. Mar a aithnítear sa Chomhshocrú um an Tuath[48], is é an príomhchuspóir guth na ndaoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe a neartú agus tosaíocht níos mó a thabhairt dóibh ar na cláir oibre pholaitiúla áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus ar chláir oibre pholaitiúla an Aontais.

31. Féadfaidh daoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta athrú dearfach a spreagadh, go háirithe ina bpobail, tríd an bhforbairt dhigiteach, shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn. Mar sin féin, in ainneoin a n-acmhainneachta, is minic a bhíonn bacainní suntasacha roimh óige na tuaithe i dtaobh leas iomlán a bhaint as a gcumas ceannaireachta agus i dtaobh rochtain a fháil ar dheiseanna fáis. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun leas a bhaint as mianach ceannaireachta óige na tuaithe agus chun cur ar a gcumas borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe ina bpobail, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le fás agus athléimneacht chuimsitheach san Eoraip.

[48] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe: Litir oscailte maidir le seoladh an Chomhshocraithe um an Tuath, an 17 Nollaig 2021.

32. Le linn Chomhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mBúdaipeist, i mí Mheán Fómhair 2024[49], mhol daoine óga ceantair thuaithe agus iargúlta a dhéanamh níos bríomhaire agus níos tarraingtí do dhaoine óga tríd an méid a leanas a dhéanamh:

i) Rannpháirtíocht fhóinteach óige na tuaithe a chur chun cinn, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil chomh maith leis an meabhairshláinte agus an tsláinte coirp.

ii) Pobail tuaithe thacúla a chothú, an chlaontacht a ghleic, idirphlé inrochtana idirghlúine agus spásanna coiteanna a thógáil chomh maith le físeanna don todhchaí a neartú.

iii) Rochtain ar bhonneagar a mhéadú, atá curtha in oiriúint do riachtanais daoine óga, mar shampla nascacht idirlín, faisnéis, iompar, fuinneamh glan, chomh maith le seirbhísí sláinte coirp agus meabhairshláinte.

iv) Feasacht a mhúscailt maidir le bealaí malartacha fostaíochta mar shampla cianobair agus feirmeoireacht nuálach.

33. Ag Comhdháil Óige an Aontais i mBúdaipeist[50], chuir daoine óga i dtábhacht freisin gur cheart ionstraimí an Aontais, ionstraimí náisiúnta agus ionstraimí áitiúla a bheith oiriúnach do riachtanais, réaltachtaí, acmhainneachtaí agus acmhainní daoine óga ó cheantair thuaithe agus iargúlta

i) Tacaíocht a chur ar fáil do rannpháirtíocht na hóige san fhorbairt tuaithe agus sa chinnteoireacht, mar shampla trí ambasadóirí don óige, trí bhoird chomhairleacha, trí chomhairlí áitiúla don óige agus trí bhuiséadú rannpháirteach.

ii) Tacú le fiontraíocht tuaithe lena n-áirítear feirmeoireacht trí fheasacht a mhúscailt maidir le cláir de chuid an Aontais agus cláir náisiúnta atá ann cheana, meantóireacht, claochlú digiteach a chur chun cinn agus úsáid dreasachtaí airgeadais, mar shampla faoiseamh cánach nó deiseanna comhchistiúcháin, a chothú.

---

[49] Bárta O., Moxon D. (2024). *EUYD10 EU Youth Conference in Budapest, Hungary* [EUYD10 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mBúdaipeist na hUngáire]. Tuarascáil Chríochnaitheach na Comhdhála. DOI: 10.5281/zenodo.13836827.

[50] Bárta O., Moxon D. (2024). *EUYD10 EU Youth Conference in Budapest, Hungary* [EUYD10 Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mBúdaipeist na hUngáire]. Tuarascáil Chríochnaitheach na Comhdhála. DOI: 10.5281/zenodo.13836827.

iii) Ardáin atá oiriúnach don óige a chur chun cinn chun rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le cláir don óige, deiseanna fostaíochta ardcháilíochta agus cistiú chomh maith le feachtas uile-Aontais a sheoladh chun rochtain chomhionann ar obair a chothú.

iv) Deiseanna foghlama ardcháilíochta agus tionscnaimh óige a spreagadh lena leathnaítear taithí óige na tuaithe, mar shampla malartuithe ógra idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, tionscadail aeráide, oibrithe óige taistil agus for-rochtana, chomh maith le rannpháirtíocht in eagraíochtaí d'óige na tuaithe.

v) Rochtain ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis a bhaineann leis an meabhairshláinte a fheabhsú trí ghníomhaíocht áitiúil a spreagadh agus idirphlé a chothú maidir leis na deiseanna agus na saoráidí cistiúcháin atá ann cheana.

DÁ RÉIR SIN, IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

34. I gcás inarb iomchuí, rannchuidiú le bonneagar, faisnéis, nascacht agus seirbhísí a shainaithint, a fhorbairt agus a fhaire agus rochtain chothrom chomhionann orthu sin a áirithiú go háitiúil i gcomhair daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, mar aon le bearta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht a bhaineann lena saol laethúil.

35. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar infhaighteacht an bhonneagair dhigitigh agus na seirbhísí digiteacha agus ar an rochtain orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta, go háirithe trí thacú le gléasanna leictreonacha agus le cúrsaí digiteacha eile, trí chumhdach leathanbhanda ar ardchaighdeán a thógáil, tríd an litearthacht dhigiteach agus an chibearshábháilteacht a fheabhsú, agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt idir údaráis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta i gcás inarb ábhartha[51].

51 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Oideachas agus oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach], COM(2020) 624 final.

36. Tacaíocht bhreise a thabhairt don chomhar idirearnálach idir áiseanna oideachais, oiliúna, sóisialta, cúraim sláinte, cultúrtha, cúraim don óige, oibre don óige, spóirt agus fóillíochta ar ardchaighdeán ar féidir le daoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta tairbhe a bhaint astu ionas go n-áiritheofar dálaí cothroma forbartha pearsanta agus dea-bhaile ina gcomhthéacs agus, ag an am céanna, inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach ar na saoráidí sin agus ar na seirbhísí gaolmhara sin a chothú[52].

37. Údaráis a spreagadh, go háirithe ar an leibhéal áitiúil i gceantair thuaithe agus iargúlta, chun rannpháirtíocht óige na tuaithe a éascú, mar shampla trí chomhairlí na hóige a bhunú agus trí phróisis sa chinnteoireacht, a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhlachtaí comhairleacha agus ina dtionscnaimh chomhairleacha. D'fhéadfadh an méid sin rannchuidiú le rannpháirtíocht éifeachtach na ndaoine óga i ngach próiseas cinnteoireachta sna réimsí is mó a bhfuil tionchar acu orthu, mar shampla saincheisteanna maidir le hoideachas, fostaíocht, cuimsiú sóisialta, bonneagar, tithíocht, nascacht, cúram sláinte (go háirithe meabhairshláinte) agus an comhshaol agus d'fhéadfaidís muinín as próisis dhaonlathacha a neartú.

38. Bunú agus feidhmiú ionad agus spásanna don óige atá sábháilte agus cuimsitheach a chur chun cinn i gceantair thuaithe agus iargúlta, agus i gcás inarb ábhartha tacaíocht leanúnach a éascú d'ionaid shábháilte chuimsitheacha don óige atá ann cheana féin agus idirghníomhaíocht idirghlúine. Tionscnaimh agus cláir a fheabhsú a thuilleadh chun gach cineál oibre don óige agus eagraíochtaí don óige a chumhachtú agus chun tacú leo ar mhaithe le haitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá acu maidir le dul i gcion ar dhaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí.

39. Idirphlé áitiúil maidir le forbairt tuaithe a spreagadh chun todhchaí an cheantair agus réitigh inbhuanaithe a phlé, lena dtugtar le chéile daoine óga, institiúidí a dhéanann ionadaíocht ar réimsí beartais éagsúla agus údaráis áitiúla, chomh maith le páirtithe leasmhara sóisialta agus eacnamaíocha chun uaillmhian fhís fhadtéarmach an Choimisiúin do cheantair thuaithe an Aontais a léiriú[53].

---

52 Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.
53 Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

40. Tionscnaimh tacaíochta tallainne a chur chun cinn lena nglactar cur chuige cuimsitheach chun buanna a chothú agus leas a bhaint astu ar feadh a saolré, trí oiliúint a chur ar oibrithe don óige, ar oideachasóirí agus ar ghairmithe chun buanna éagsúla daoine óga a aithint. Daoine óga a chumhachtú chun cur lena scileanna, lena mbuanna agus lena n-acmhainneachtaí, gan beann ar na bacainní ar leith a d'fhéadfadh a bheith rompu i gceantair thuaithe agus iargúlta.[54]

41. Fostaíocht don aos óg a spreagadh ar an leibhéal áitiúil agus, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear díriú ar na daoine óga sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), trí fheasacht a mhúscailt agus cruthú socrúchán agus ionchas éagsúil fostaíochta a éascú i gceantair thuaithe agus iargúlta, ag díriú ar dheiseanna a éagsúlú agus a fhorbairt in earnálacha éagsúla, mar shampla talmhaíocht, monaraíocht, cúrsaí digiteacha, oiriúnú don athrú aeráide agus seirbhísí athraithe aeráide, agus tacaíocht a thabhairt do chláir forbartha scileanna agus oiliúna atá saincheaptha do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla.

42. Cur chun feidhme na Ráthaíochta atreisithe don Aos Óg i gceantair thuaithe agus iargúlta a chothú, mar shampla trí na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga a mhapáil agus trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí le seirbhísí soghluaiste, ar líne, nó le hionaid ilfhreastail.

43. Féachaint ar bhealaí chun daoine óga a mhealladh agus a choinneáil i gceantair thuaithe agus iargúlta agus i bpobail, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná óga, chun a rathúnas eacnamaíoch agus a mbeogacht fhadtéarmach a áirithiú, agus machnamh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar mhodhanna trasearnála chun tacú leo.

---

[54] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Leas a Bhaint as an Tallann, COM(2023) 32 final.

44. Féachaint ar thionscnaimh lena ndírítear ar chomhar agus ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine agus tacú leo, trí idirphlé a éascú agus trí fhaisnéis dhomhain a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais, chun go n-éireoidh le hóige na tuaithe go háitiúil.

45. Cláir tacaíochta sláinte coirp agus meabhairshláinte atá saincheaptha do riachtanais na ndaoine óga i bpobail tuaithe agus iargúlta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chothabháil, trí líonraí tacaíochta ar líne agus as líne araon a sholáthar, mar shampla, seirbhísí síceolaíocha agus seirbhísí coisctheacha eile i scoileanna agus in ionaid don óige, chun an bhulaíocht agus an andúil a chomhrac.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH DÁ RÉIR SIN, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

46. Féachaint ar bhealaí chun rochtain a éascú ar thionscnaimh agus ar ionstraimí de chuid an Aontais atá dírithe ar óige na tuaithe agus béim á leagan ar dheireadh a chur le bacainní teanga agus riaracháin. I gcás inar gá, an fhoclaíocht a shimpliú chun go mbeidh sí níos oiriúnaí don óige agus chun ualaí maorlathacha nach bhfuil gá leo a laghdú, lena n-áiritheofar gur fusa d'óige na tuaithe rochtain a fháil ar na sásraí tacaíochta agus ar an bhfaisnéis sin trí Thairseach Eorpach na hÓige i measc nithe eile. Ba cheart faisnéis agus ionstraimí a sholáthar freisin i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine óga faoi mhíchumas.

47. Faoi chuimsiú phríomhshruthú na hóige, feabhas a chur ar infheictheacht óige na tuaithe i gcláir an Aontais ag a bhfuil gné óige agus i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh tar éis 2027 agus úsáid a bhaint as promhadh na hóige ar an leibhéal Eorpach, i gcás inarb iomchuí, agus gníomhaíochtaí sonracha nithiúla á ndearadh, lena ndírítear ar na daoine óga uile, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta.

48. Féachaint an bhféadfaí díriú níos fearr ar na sásraí airgeadais atá ann cheana agus an bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint astu agus, i gcás inarb iomchuí, féachaint an bhféadfaí tionscnaimh a athdhíriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun cabhrú le fiontraithe óga na tuaithe - feirmeoirí óga i measc daoine eile - a ngnólachtaí a thosú, a chothabháil agus a leathnú, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar na srianta struchtúracha a d'fhéadfadh a bheith orthu maidir le rochtain a fháil ar acmhainní airgeadais. Ina theannta sin, uirlisí atá ann cheana ar nós an Bhosca Uirlisí do na Limistéir Thuaithe[55] a chur chun cinn i measc daoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta agus tacú leis an gcomhar i measc na bhfiontraithe uile i gceantair thuaithe agus iargúlta. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuideofar le deiseanna fostaíochta a dhaingniú amach anseo i gceantair thuaithe, rud a chothóidh athléimneacht eacnamaíoch agus beogacht.

49. Cur chun feidhme measúnaithe tionchair chríochaigh a éascú, lena n-áirítear phromhadh leas na tuaithe trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh ag mórthionscnaimh an Aontais ar cheantair thuaithe agus iargúlta agus an saghas céanna cur chuige ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil a spreagadh agus é mar aidhm comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú idir beartais agus ionstraimí a chumhdaíonn saincheisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo do cheantair thuaithe.

50. Leanúint d'eolas a fhorbairt agus taighde fianaisebhunaithe a dhéanamh ar dhaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta trí úsáid a bhaint as uirlisí atá ann cheana amhail an Vicí don Óige agus na staidéir i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Óige idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa, i measc nithe eile.

51. Leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt agus rannpháirtíocht grúpaí a d'fhéadfadh a bheith faoi ghannionadaíocht a mhéadú, ar nós daoine óga i gceantair thuaithe agus iargúlta, in Idirphlé an Aontais Eorpaigh leis an Aos Óg agus i dtionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais mar shampla an tionscnamh Interreg Volunteer Youth (IVY), an tionscnamh EUTeens4Green agus an tionscadal Youth4OutermostRegions.

---

[55] Teachtaireacht maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

DÁ RÉIR SIN, IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

52. Béim a leagan ar ról straitéiseach na ndaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta maidir le haistriú glas, cóir agus cuimsitheach a bhaint amach agus slándáil bia agus aeráide a chothabháil, tríd an mbithéagsúlacht agus athbheochan na tuaithe a chur chun cinn, trí phoist ardcháilíochta a chruthú, agus trí ról a thabhairt don óige sa chlaochlú.[56]

53. Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh foghlaim teanga chothrom trí chomhar trastíre, deiseanna foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus oiliúint teanga is infheidhme a dhíríonn ar úsáid laethúil a éascú.

54. I gcomhar leis na hearnálacha ábhartha, na dálaí a neartú chun go n-éireoidh le daoine óga go háitiúil trí thacú le tionscnaimh lena n-úsáidtear acmhainní agus bonneagar áitiúil go héifeachtach chun slite beatha inbhuanaithe a chruthú i gceantair thuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí, chomh maith le forbairt tionscnamh tithíochta leordhóthanach a spreagadh atá saincheaptha do riachtanais na hóige atá ina gcónaí sna ceantair sin.

55. Athnuachan[57] ó ghlúin go glúin a chur chun cinn go héifeachtach agus tacú le fiontraithe óga, lena n-áirítear feirmeoirí óga i gceantair thuaithe agus iargúlta, i measc daoine eile, trí infhaighteacht agus inrochtaineacht na tacaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta a fheabhsú. Faisnéis spriocdhírithe, rochtain ar spás, bonneagar, tacaíocht airgeadais agus acmhainní a sholáthar, chomh maith le rochtain ar chláir oiliúna agus mheantóireachta a chuireann ar chumas fiontraithe atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear feirmeoirí óga, i measc daoine eile, bacainní tosaigh a shárú agus tabhairt faoina bhfiontar le muinín, agus ar an gcaoi sin déanfar geilleagair thuaithe a athbheochan agus forbairt inbhuanaithe agus nuálaíocht a chothú ar fud na hEorpa.

[56] An Líonra Faisnéise um Shlándáil Bia (FSIN) agus an Líonra Domhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia, Tuarascáil Dhomhanda 2024 maidir le géarchéim bhia 2024. GRFC 2024, an Róimh.

[57] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Achoimre ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-27: comhiarracht agus uaillmhian chomhchoiteann, an Bhruiséil, 23.11.2023, COM(2023) 707 final.

56. Comhar idirearnálach a neartú i réimse an oideachais fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil agus na hoiliúna foirmiúla agus seachfhoirmiúla agus béim mhéadaithe á leagan ar uas-sciliú agus ar fhorbairt acmhainní daonna, ar dhálaí oibre a fheabhsú, agus ar infhaighteacht saoráidí agus trealaimh agus an rochtain orthu a mhéadú d'institiúidí oideachais agus oiliúna sna réimsí is mó a bhfuil deacrachtaí acu.

57. Rannpháirtíocht ghníomhach óige na tuaithe agus na n-eagraíochtaí ábhartha i bpléití beartais agus i gcinnteoireacht ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a áirithiú trí oibriú le chéile agus beartais ábhartha á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á measúnú agus, i gcás inar féidir, sonraí cuimsitheacha atá cothrom le dáta agus imdhealaithe a sholáthar maidir le hóige na tuaithe, lena n-áirítear feirmeoirí óga, i measc daoine eile, agus ar an gcaoi sin cur ar chumas lucht ceaptha beartas beartais agus idirghabhálacha a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr agus réitigh shaincheaptha a chruthú dóibh. Bearta iomchuí a dhéanamh chun gníomhú in aghaidh thionchar na dtreochtaí diúltacha déimeagrafacha a dhéanann difear do shaol na ndaoine óga atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear, i measc daoine eile, feirmeoirí óga.

58. Feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann agus ar ionstraimí an Aontais i réimse na meabhairshláinte agus na sláinte coirp trí thaighde ar mheabhairshláinte a spreagadh, modhanna comhroinnte faireacháin agus coiscthe a fhorbairt do chríocha beagfhorbartha, agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le leathadh seirbhísí meabhairshláinte i gceantair thuaithe agus iargúlta.

## IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Sainmhínithe chun críoch na gconclúidí seo:

Is ionann ‘ceantair thuaithe’ agus pobail riaracháin áitiúla atá lasmuigh de limistéir uirbeacha, arb iad a bpríomhthréithe dlús daonra níos ísle, íomhá shochgheografach agus chultúrtha shonrach, atá cóngarach d’acmhainní nádúrtha agus dá bhrí sin d’ionchais eacnamaíocha éagsúla, agus ag an am céanna a bhfuil riachtanais shainaitheanta acu le tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí sonracha atá dírithe ar an óige agus ar an bpobal i gcoitinne.

Cumhdaíonn táscairí maidir le ‘cáilíocht saoil’ raon leathan ábhar/toisí, lena n-áirítear dálaí maireachtála ábhartha, fostaíocht, oideachas, sláinte, idirghníomhaíochtaí sóisialta, sábháilteacht agus slándáil, muinín, idirdhealú agus an comhshaol.

Ciallaíonn ‘promhadh leas na tuaithe’ athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais trí lionsa tuaithe, chun na beartais sin a chur in oiriúint dá bhfeidhm dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i gceantair thuaithe. Chuir an Coimisiún Eorpach sásra um promhadh leas na tuaithe i bhfeidhm mar chuid den chlár oibre maidir le ‘Rialáil Níos Fearr’, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar mhórthionscnaimh reachtacha an Aontais ar cheantair thuaithe.

Is bealach é ‘athbheochan na tuaithe’ chun ceantair thuaithe a athrú ó bhonn ar bhealach dearfach don ghlúin atá anois ann agus do na glúine atá le teacht.

Ní minic a shainmhínítear ‘an tuath’, ach mar sin féin, chun críoch an doiciméid seo, tá dhá leibhéal geografacha i gceist leis an tuath: na ceantair thuaithe (aicmiú leibhéal an Aonaid Riaracháin Áitiúil (ARÁ) ) agus réigiúin tuaithe den chuid is mó (aicmiú na réigiún den ainmníocht aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) leibhéal 3). Sainmhínítear ceantair thuaithe agus réigiúin tuaithe den chuid is mó ar an mbealach céanna: tá an chuid is mó den daonra ina gcónaí i ngreillechealla tuaithe. Le haicmiú na n-aonad riaracháin áitiúil sainítear méid an uirbithe agus tagraíonn aicmiú na réigiún ar leibhéal NUTS-3 don tíopeolaíocht réigiúnach idir uirbeach agus tuaithe.

Is éard is '<u>ceantair iargúlta</u>' ann pobail riaracháin áitiúla agus réigiúnacha, a bhformhór lasmuigh de na limistéir uirbeacha a bhfuil rochtain fhisiceach dheacair mar shaintréith acu, de bharr deighilt gheografach/nádúrtha den chuid is mó (oileáin agus/nó sléibhte san áireamh, i measc nithe eile) agus iompar poiblí teoranta nó níos annaimhe agus/nó nascacht dhigiteach dheacair ag gabháil leo. Is féidir na saintréithe céanna a bheith ag na limistéir sin is atá ag 'ceantair thuaithe' mar a shainítear thuas. Meastar gur réigiúin iargúlta freisin na réigiúin is forimeallaí san Aontas, mar a leagtar amach in Airteagal 349 CFAE iad.

Is tagairt é <u>'logdhomhandú'</u> don chomhtháthú gan uaim idir an leibhéal áitiúil agus an leibhéal domhanda; an nascacht chuimsitheach a chruthaítear le taisteal, gnó agus cumarsáid, chomh maith leis an toilteanas agus an cumas smaoineamh go domhanda agus gníomhú go háitiúil. 'Cuimsíonn coincheap an logdhomhandaithe an dialachtaic dhinimiciúil, theagmhasach agus dhá threo idir an domhan agus an ceantar áitiúil' (Swyngedouw (2004)). Áirítear ar chuid de na treochtaí domhanda is práinní a dhéanann difear do dhaoine óga an t-athrú aeráide, a mbíonn tionchar díréireach aige ar phobail na tuaithe agus ar shlite beatha talmhaíochta, agus teacht chun cinn na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena gcruthaítear deiseanna agus dúshláin araon ó thaobh na litearthachta digití, na rochtana ar oideachas agus na fostaíochta de. Ina theannta sin, is dúshláin dhomhanda iad an neamhionannas eacnamaíoch agus an dífhostaíocht i measc na hóige, agus is minic a bhíonn gá le nuálaíocht áitiúil maidir le cruthú post, forbairt scileanna agus fiontraíocht. Mar gheall ar shaincheisteanna meabhairshláinte, atá níos measa fós mar gheall ar ghéarchéimeanna domhanda agus brúnna sochaíocha, tá gá freisin le cineálacha cur chuige atá íogair go háitiúil chun tacú le forbairt athléimneachta. Thairis sin, leis an iarracht leanúnach ar cheartas sóisialta agus cuimsitheacht a bhaint amach, tá gá le réitigh shaincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhionannas inscne, éagothromaíochtaí ciníocha, agus rochtain ar acmhainní, rud a léiríonn an dinimic chultúrtha agus shóisialta uathúil i réigiúin éagsúla. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda sin, trí straitéisí atá ábhartha go háitiúil, is féidir le daoine óga leas a bhaint as acmhainneacht an logdhomhandaithe chun todhchaí inbhuanaithe athléimneach a chruthú laistigh dá bpobail.

Tagraíonn '<u>gaiste forbartha tallainne</u>', mar a thuairiscítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Leas a bhaint as an Tallann i Réigiúin na hEorpa, do dhúshlán ilghnéitheach atá os comhair roinnt réigiún de chuid an Aontais a bhfuil meath géar tagtha ar a ndaonra in aois oibre, sciar íseal marbhánta de chéimithe ardoideachais agus soghluaisteacht dhiúltach dá ndaonra idir 15 agus 39 mbliana d'aois. Is é an toradh a bhíonn orthu sin neamhéifeachtúlachtaí sna geilleagair áitiúla, sna margaí saothair, sna córais oideachais, oiliúna agus foghlama aosaí, chomh maith le feidhmíocht íseal sa nuálaíocht, sa rialachas, san fhorbairt gnó agus sa rochtain ar sheirbhísí.

Le '<u>bacainní teanga ingearacha agus cothrománacha</u>', déantar cur síos ar chastacht na mbacainní teanga atá roimh go leor daoine óga faoin tuath. Díríonn an mhír chothrománach ar an easpa rochtain leordhóthanach ar oideachas teanga iasachta, ach leagann an mhír ingearach béim ar an deacracht a bhaineann le tuiscint a fháil ar an teanga chasta a bhfuil roinnt acmhainní ar fáil di, chomh maith leis an easpa foclaíochta atá fabhrach don óige.

**IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

Tagairtí

Comhairle an Aontais Eorpaigh

- Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don Chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027, IO C 456, 18.12.2018.

- Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé Óige an Aontais – Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189, 5.6.2019.

- *Conclusions of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on raising opportunities for young people in rural and remote areas* [Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le Deiseanna a Mhéadú do Dhaoine Óga i gCeantair Thuaithe agus Iargúlta], IO C 193, 9.6.2020.

- *Conclusions on a Long-Term Vision for the EU´s Rural Areas (LTVRA),* [Conclúidí maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais], 15631/23.

- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le sochaithe cuimsitheacha do dhaoine óga, IO C, C/2024/3808, 27.6.2024.

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte, 15971/23.

- Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [an Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01.

- Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 'An Eoraip ag Gluaiseacht' — deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách, IO C, C/2024/3364.

- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le cur chuige cuimsitheach i ndáil le meabhairshláinte daoine óga san Aontas Eorpach. IO C, C/2023/1337, 30.11.2023.

An Chomhairle Eorpach

- An Chomhairle Eorpach, Clár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024, an 20 Meitheamh 2019.

- Letta, Enrico: 'Much more than a market, Speed, Security, Solidarity, Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens', Aibreán 2024.

An Coimisiún Eorpach

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Long-term vision for rural areas: for stronger, connected, resilient, prosperous EU rural areas* [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe: ar mhaithe le ceantair thuaithe an Aontais a bheith níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil], COM/2021/345 final.

- *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Long-term vision for rural areas: for stronger, connected, resilient, prosperous EU rural areas* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe: ar mhaithe le ceantair thuaithe an Aontais a bheith níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil], COM/2021/345 final. Doiciméad Inmheánach Oibre (cuid 1-3).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas COM/2022/198 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Leas a bhaint as tallann i réigiúin na hEorpa, COM/2023/32 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025, Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] COM/2021/101 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025,* Aontas an Chomhionannais: LGBTIQ 2020-2025, COM/2020/698 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025, Gender Equality Strategy* 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025], COM/2020/152 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025, EU Anti-racism Action Plan* 2020-2025 [Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais, 2020-2025], COM/2020/565 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Union of Equality: LGBTIQ 2020-2025, EU Roma Strategic Framework for Equality, Inclusion and Participation* [Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach], COM/2020/620 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte (Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte) COM(2023) 298 final.

- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, an Naoú Tuarascáil maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach (an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú), Márta 2024.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, COM(2024) 149 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM/2023/577 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age* [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Oideachas agus oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach], COM/2020/624 final.

- *Commission staff working document executive summary of the evaluation of the impact of the Common Agricultural Policy on territorial development of rural areas* [Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin achoimre feidhmiúcháin ar an meastóireacht ar thionchar an Chomhbheartais Talmhaíochta ar fhorbairt chríochach na gceantar tuaithe] {SWD(2021) 398 final}.

- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Interreg Europe: Achoimre bheartais maidir leis an méid seo a leanas: Conas borradh a chur faoin bhfiontraíocht i gceantair thuaithe? Aibreán 2020.

- Ard-Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir an Choimisiúin Eorpaigh, Erasmus + Cuimsiú & Straitéis Éagsúlachta i Réimse na hÓige, Nollaig 2014.

- Perpiña Castillo, C., Jacobs-Crisioni, C., Barranco, R., Curtale, R., Kompil, M., Vallecillo, S., Auteri, D. agus Dijkstra, L., *Opportunities and challenges for remote rural areas in the European Union* [Deiseanna agus dúshláin do cheantair thuaithe iargúlta san Aontas Eorpach], an Coimisiún Eorpach, Ispra, 2023, JRC135398.

- Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh: *Study on living conditions and access to selected basic needs in the EU outermost regions – 2024 :* [Staidéar ar dhálaí maireachtála agus ar rochtain ar bhunriachtanais roghnaithe sna réigiúin is forimeallaí san Aontas – 2024:] ISBN 978-92-68-11899-3, doi: 10.2776/185784 KN-05-24-084-EN-N.

- Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Achoimre ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-27: comhiarracht agus uaillmhian chomhchoiteann, an Bhruiséil, 23.11.2023, COM(2023) 707 final.

- Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh: Bliainiris réigiúnach Eurostat – 2023, Eagrán 2023.

- Staidreamh ar líne Eurostat: An Eoraip uirbeach-tuaithe – cáilíocht saoil i gceantair thuaithe 2022.

- Líonra CBT an Aontais: *Supporting the health and well-being of Europe's agricultural workforce – Policy Insight* [Ag tacú le sláinte agus folláine lucht saothair talmhaíochta na hEorpa – Léargas Beartais], Meitheamh 2023.

- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, *Taking stock of how CAP strategic plans contribute to the objectives of the long-term vision for the EU's rural areas* [Breithniú ar an gcaoi a gcuireann pleananna straitéiseacha CBT le cuspóirí na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe an Aontais] Tuarascáil deiridh, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí (COM(2022) 198 final).

- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe: Litir oscailte maidir le seoladh an Chomhshocraithe um an Tuath, an 17 Nollaig 2021.

Comhpháirtíocht Óige an Aontais Eorpaigh-Comhairle na hEorpa

- *Young people in rural areas: diverse, ignored and unfulfilled* [Daoine óga i gceantair thuaithe: a n-éagsúlacht, an neamhaird a thugtar orthu agus a n-acmhainn neamh-chomhlíonta], Márta 2021.

Na Náisiúin Aontaithe

- Na Náisiúin Aontaithe, A/RES/70/1, Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development.

- FAO agus IFAD. 2019. United Nations Decade of Family Farming 2019-2028. Plean Gníomhaíochta Domhanda. An Róimh.

- An Líonra Faisnéise um Shlándáil Bia (FSIN) agus an Líonra Domhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia, Tuarascáil Dhomhanda 2024 maidir le géarchéim bhia 2024. GRFC 2024, an Róimh.

ECFE

- ECFE, Recommendation of the Council on creating better opportunities for young people, Cruinniú den Chomhairle ar leibhéal na n-airí, an 9-10 Meitheamh 2022, JT03497457.

Eile

- Moxon D., Bárta O. (2024). *EUYD10 Results of the Consultation Phase: We Need Youth.* [EUYD10 Torthaí na Céime Comhairliúcháin; Is gá dúinn an Óige DOI: 10.5281/zenodo.10656746.

---